2026/778

31.3.2026

CINNEADH (CBES) 2026/778 ÓN gCOMHAIRLE

an 30 Márta 2026

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/583 maidir le hoibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 42(4) agus 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 8 Feabhra 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/583 ([1]) lena mbunaítear oibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES).

(2) An 19 Feabhra 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/632 ([2]), lenar seoladh EUNAVFOR ASPIDES agus sainordú aige go dtí an 18 Feabhra 2025.

(3) An 14 Feabhra 2025, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2025/334 ([3]), lenar cuireadh síneadh le EUNAVFOR ASPIDES go dtí an 28 Feabhra 2026.

(4) An 26 Samhain 2025, i gcomhthéacs athbhreithniú straitéiseach ar EUNAVFOR ASPIDES agus i gcomhthéacs mheasúnú straitéiseach ar EUNAVFOR ATALANTA, d'aontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála gur cheart síneadh a chur le EUNAVFOR ASPIDES go dtí an 28 Feabhra 2027.

(5) Thairis sin, mhol an Coiste Polaitiúil agus Slándála, sa bhreis ar na cúraimí neamhfheidhmiúcháin atá air faoi láthair chun feasacht staide muirí a áirithiú, gur cheart do EUNAVFOR ASPIDES an méid seo a leanas a dhéanamh de réir a acmhainne agus cumais: faisnéis maidir le gníomhaíochtaí amhrasacha a bhaineann le bonneagair fhomhuirí chriticiúla a bhailiú agus a chomhroinnt, oiliúint a chur ar fhórsaí muirí Djibouti agus obair a dhéanamh i gcomhar le Garda Cósta Éimin, agus na cúraimí sin a nascadh le tionscnaimh eile de chuid an Aontais, go háirithe CRIMARIO, cúnamh ón Aontas do Gharda Cósta Éimin agus an beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha Djibouti.

(6) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2024/583 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 1 de Chinneadh (CBES) 2024/583, cuirtear an abairt seo a leanas le mír 6:

'Déanfaidh EUNAVFOR ASPIDES, de réir a acmhainne agus cumais, faisnéis a bhailiú agus a chomhroinnt maidir le gníomhaíochtaí amhrasacha a bhaineann le bonneagair fhomhuirí chriticiúla, oiliúint a chur ar fhórsaí muirí Djibouti agus oibreoidh sé i gcomhar le Garda Cósta Éimin agus na cúraimí sin a nascadh le tionscnaimh eile de chuid an Aontais, go háirithe CRIMARIO, cúnamh ón Aontas do Gharda Cósta Éimin agus an beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha Djibouti.'.

([1]) Cinneadh (CBES) 2024/583 ón gComhairle an 8 Feabhra 2024 maidir le hoibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES) (IO L, 2024/583, 12.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/583/oj).

([2]) Cinneadh (CBES) 2024/632 ón gComhairle an 19 Feabhra 2024 lena seoltar an oibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES) (IO L, 2024/632, 20.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/632/oj).

([3]) Cinneadh (CBES) 2025/334 ón gComhairle an 14 Feabhra 2025 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/583 maidir le hoibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES) (IO L, 2025/334, 17.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/334/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Márta 2026.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. PANAYIOTOU